CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

**PREASEISIÚINT Uimh. 121/25**

**Lucsamburg, 15 Meán Fómhair 2025**

Suí sollúnta na Cúirte Breithiúnais

# Comhaltaí nua de Chúirt Bhreithiúnais agus de Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh ag dul i mbun dualgas i ndiaidh an athraithe ar chuid de Bhreithiúna na Cúirte Ginearálta

Le cinneadh an 23 Iúil 2025, ainmníodh Alexander Kornezov (ag teacht in ionad Alexander Arabadjiev) mar Bhreitheamh ar an gCúirt Bhreithiúnais, don tréimhse ón 15 Meán Fómhair 2025 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2030.

Le cinntí an 2 Deireadh Fómhair 2024, an 26 Márta agus an 11 Meitheamh 2025, rinne na rialtais de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh athnuachan ar théarma oifige 19 mBreitheamh ar an gCúirt Ghinearálta, is iad sin, Suzanne Kingston, Colm Mac Eochaidh, José Martín y Pérez de Nanclares, Miguel Sampol Pucurull, Hervé Cassagnabère, Saulius Lukas Kalėda, Ulf Öberg, Tamara Perišin, David Petrlík, Inga Reine, Petra Škvařilová-Pelzl, Laurent Truchot, Pēteris Zilgalvis, Maja Brkan, Jörgen Hettne, Danutė Jočienė, Damjan Kukovec, Johannes Laitenberger agus Gabriele Steinfatt, don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2031.

Le cinntí an 26 Márta agus an 11 Meitheamh 2025, ainmníodh Tanja Pavelin (ag teacht in ionad Vesna Tomljenović), Francesco Bestagno agus Raffaella Pezzuto (ag teacht in ionad Roberto Mastroianni agus Ornella Porchia) mar Bhreithiúna ar an gCúirt Ghinearálta, don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2031.

Ar éirí as oifig agus ar fhágáil Chomhaltaí den institiúid agus ar ghlacadh mionna agus ar dhul i mbun oifige Comhaltaí nua, tionólfar suí sollúnta inniu i suíomh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Craolfar an suí sollúnta beo ó 6:00pm; is féidir teacht ar an suíomh ag an nasc seo: CURIA - Sruthú

**Na Comhaltaí Nua**

Alexander Kornezov: CURIA - Cé hiad na Comhaltaí

Francesco Bestagno: CURIA - Cé hiad na Comhaltaí

Tanja Pavelin: CURIA - Cé hiad na Comhaltaí

Raffaella Pezzuto: CURIA - Cé hiad na Comhaltaí

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.